Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 1 Iúil 2026
(OR. en, de, es, it, pt)

10669/26
PV CONS 40
AG 102
*PARLNAT*

**DRÉACHT-MHIONTUAIRISCÍ**

COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH
(Gnóthaí Ginearálta)

16 Meitheamh 2026

**1. Glacadh an chláir oibre**

Ghlac an Chomhairle an clár oibre a leagtar amach in 9939/1/26 REV 1.

**2. Formheas na míreanna 'A'**

**(a) Liosta neamhreachtach** 9940/1/26 REV 1

Ghlac an Chomhairle gach mír 'A' a liostaítear sa doiciméad thuas, lena n-áirítear gach doiciméad teanga COR agus REV a tíolacadh lena nglacadh.

**(b) Liosta reachtach** (Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach) 9942/26

## Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais

**1. Seasamh ón gComhairle maidir le dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 1/2026: barrachas 2025** S C 9917/26 9916/26 + ADD 1 REV 2 FIN

***Glacadh***

***Formheas litreach***

a d'fhormheas COREPER, Cuid 2, an 10.6.2026

Ghlac an Chomhairle an seasamh ón gComhairle agus d'fhormheas sí an litir. Ba i seisiún poiblí a pléadh an mhír sin.

Leagtar amach san Iarscríbhinn an ráiteas ón gComhairle a ghabhann leis an mír seo.

**Plé reachtach**

**(Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)**

**3. Creat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) 2028-2034: bosca caibidlíochta** S C 10058/26

***Díospóireacht bheartais***

Bhí díospóireacht bheartais ag an gComhairle.

**4. Creat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) 2028-2034**

**(a) Rialachán lena mbunaítear an Ciste Eorpach um chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach, talmhaíocht agus tuaithe, iascach agus muirí, rathúnas agus slándáil don tréimhse 2028-2034 ('Rialachán maidir le plean CNR')**

9807/1/26 REV 1 + ADD 1-3
9808/26 + COR 1

Tháinig an Chomhairle ar chur chuige ginearálta páirteach maidir leis an Rialachán lena mbunaítear an Ciste Eorpach um chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach, talmhaíocht agus tuaithe, iascach agus muirí, rathúnas agus slándáil don tréimhse 2028-2034.

Thíolaic an tSeicia, an Spáinn, an Iodáil, an Liotuáin, an Ungáir, Málta, an tSlóvaic agus an tSualainn ráitis, agus thíolaic an Eastóin, an Laitvia agus an Liotuáin chomh maith leis an Bhulgáir, Poblacht na Seice, an Ungáir agus an Rómáin ráitis chomhpháirteacha, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn iad.

**(b) Rialachán lena mbunaítear an Ciste Eorpach um Iomaíochas (CEI), lena n-áirítear clár sonrach le haghaidh taighde agus nuálaíochta i réimse na cosanta** [2]

10489/26 + ADD 1 REV 1 + ADD 2
10491/26 + COR 1

Tháinig an Chomhairle ar chur chuige ginearálta maidir leis an Rialachán lena mbunaítear an Ciste Eorpach um Iomaíochas (CEI), lena n-áirítear clár sonrach le haghaidh taighde agus nuálaíochta i réimse na cosanta.

Thíolaic an Ostair agus an tSlóvaic ráitis agus thíolaic an Eastóin, an Laitvia, an Liotuáin agus an Pholainn chomh maith leis an mBulgáir, Poblacht na Seice, an Chróit, an Ungáir agus an tSlóivéin ráitis chomhpháirteacha, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn iad.

**(c) Rialachán lena mbunaítear an Eoraip Dhomhanda**
***Cur chuige ginearálta páirteach***

10432/26 + ADD 1
10442/26

Tháinig an Chomhairle ar chur chuige ginearálta páirteach maidir leis an Rialachán lena mbunaítear an Eoraip Dhomhanda.

Thíolaic an Bhulgáir, an Spáinn agus an Phortaingéil ráitis, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn iad.

**5. Pacáistí reachtacha Omnibus maidir le simpliú**
***Tuarascáil ar dhul chun cinn***

9834/1/26 REV 1

Thug an Chomhairle dá haire an tuarascáil ar dhul chun cinn.

**6. Aon ghnó eile**

Dada.

## **Gníomhaíochtaí neamhreachtacha**

7. Ullmhúchán do chruinniú na Comhairle Eorpaí an 18 agus an 19 Meitheamh 2026

   (a) Conclúidí — 7875/26
   *Seisiún tuairimíochta*

   (b) Dearbhú comhpháirteach maidir le tosaíochtaí reachtacha an Aontais le haghaidh 2026 agus treochlár le haghaidh 'Aon Eoraip Amháin, Aon Mhargadh Amháin' — 10395/26
   *Staid na himeartha*

8. Seimeastar Eorpach 2026: nóta cothrománach maidir leis na moltaí tírshonracha comhtháite — 9613/26
   *Formheas*
   *Tarchur chuig an gComhairle Eorpach*

**9. Clár 18 mí na Comhairle (an 1 Iúil 2026 go dtí an 31 Nollaig 2027)** — 10392/26
   ***Formhuiniú***

   D'fhormhuinigh an Chomhairle clár 18 mí na Comhairle don tréimhse ón 1 Iúil 2026 go dtí an 31 Nollaig 2027.

10. Luachanna an Aontais san Ungáir/Airteagal 7(1) CAE, togra réasúnaithe — 12266/1/18 REV 1 + REV 1 COR 1
   *Staid na himeartha*

11. Aon ghnó eile

   (a) Méadú — 10558/26
   *Faisnéis ón bhFrainc agus ón nGearmáin*

---

An chéad léamh

S Nós imeachta reachtach speisialta

Plé poiblí (Airteagal 8(3) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle)

Mír shrianta

C Mír atá bunaithe ar thogra ón gCoimisiún

**Ráitis a ghabhann leis na míreanna reachtacha 'A' a leagtar amach in 9942/26**

| | |
|---|---|
| **Maidir le mír 1 ar liosta na míreanna 'A':** | Seasamh ón gComhairle maidir le dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 1/2026: barrachas 2025<br>*Glacadh*<br>*Formheas litreach* |

**RÁITEAS ÓN gCOMHAIRLE**

'Tugann an Chomhairle dá haire, maidir leis an gcur i láthair a thug an Coimisiún ar ríomh mhaoiniú an bhuiséid [de réir catagóir acmhainní dílse agus de réir Ballstáit], go bhfuil leibhéal an mhionsonraithe agus na trédhearcachta laghdaithe aige trí ríomh 'ranníocaíocht náisiúnta' a fhágáil ar lár.

Is ionann scor na faisnéise faoi na haistrithe reatha iomlána a íocann rialtas ginearálta gach Ballstáit le hinstitiúidí an Aontais Eorpaigh — figiúirí atá faoi réir coigeartuithe rialta mar gheall ar a mbunús i gcomhiomláin staidrimh — agus briseadh le caighdeáin tuairiscithe airgeadais an Aontais a bunaíodh ón mbliain airgeadais 2007 ar a laghad, agus baintear pointe tagartha caighdeánaithe do pháirtithe leasmhara freisin, rud a chuireann teorainn leis an bhféidearthacht anailís eolasach a dhéanamh ar ranníocaíochtaí a dhéantar le buiséad an Aontais.

Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún ríomh 'ranníocaíocht náisiúnta' a thabhairt isteach arís i ndréachtbhuiséid agus i ndréachtbhuiséid leasaitheacha a bheidh ann amach anseo.

Tá glacadh an tseasaimh sin maidir le dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 1/2026 gan dochar don phlé reachtach a dhéanfar amach anseo nó atá ar siúl faoi láthair a bhféadfadh coincheap na 'ranníocaíochtaí náisiúnta' difear a dhéanamh dó.

**<u>Ráitis a ghabhann leis an mír reachtach B a leagtar amach in 9939/1/26 REV 1.</u>**

| | |
|---|---|
| | Creat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) 2028-2034 |
| **<u>Maidir le mír 4 (a) ar liosta na míreanna 'B':</u>** | (a) Rialachán lena mbunaítear an Ciste Eorpach um chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach, talmhaíocht agus tuaithe, iascach agus muirí, rathúnas agus slándáil don tréimhse 2028-2034 ('Rialachán maidir le plean CNR') *Cur chuige ginearálta páirteach* |

**RÁITEAS Ó PHOBLACHT NA SEICE**

'Measann Poblacht na Seice go bhfuil sé tábhachtach teacht ar Chur Chuige Ginearálta Páirteach i ndáil leis an Togra le haghaidh Rialachán maidir le Pleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí (CNR), ionas go gcumasófaí dul chun cinn a dhéanamh sna chéad chéimeanna eile den chaibidlíocht.

Is mór ag Poblacht na Seice na hiarrachtaí a rinne an Uachtaránacht agus na hathruithe a rinneadh ar an téacs comhréitigh. Ag an am céanna, ba mhaith léi a chur i bhfios go láidir nár cheart neamhaird a dhéanamh ar ghnéithe áirithe den téacs sna chéad chéimeanna eile den chaibidlíocht.

Go háirithe, tá codanna áirithe den Rialachán maidir leis na pleananna CNR, lena n-áirítear na hiarscríbhinní a ghabhann leis, de chineál fíortheicniúil agus níorbh fhéidir mionphlé a dhéanamh orthu i gcónaí. Dá bhrí sin, measann Poblacht na Seice go dtabharfar aghaidh go cuí ar aon neamhréireacht a d'fhéadfadh a bheith ann ag céim níos déanaí – bíodh sé sin le linn na caibidlíochta nó le linn ullmhú an phlean – sna céimeanna den phróiseas reachtach ina dhiaidh sin. Baineann sé sin, go háirithe, le saincheisteanna a thagann as easnaimh nó as gnéithe nár cuireadh san áireamh go hiomlán le linn na dianchéime as ar eascair an Cur Chuige Ginearálta Páirteach.

Baineann sé sin go háirithe le forálacha atá nasctha leis an gComhbheartas Talmhaíochta (CBT). Leanfar den phlé sa Chomhairle ar thograí reachtacha earnálacha le haghaidh CBT agus Chomheagrú na Margaí Talmhaíochta (CEM) le linn Uachtaránacht na hÉireann agus meastar go ndéanfar tuilleadh forbartha ar an seasamh ón gComhairle maidir leis an dá théacs. Ós rud é nár aistríodh gach foráil talmhaíochta ábhartha ón Rialachán maidir leis na pleananna CNR chuig an Rialachán maidir le CBT agus an Rialachán maidir le CEM, tá sé ríthábhachtach a thabhairt chun suntais nach féidir leis an gCur Chuige Ginearálta Páirteach don Rialachán maidir le pleananna CNR réamhbhreith a dhéanamh ar obair Chomhairle AGRIFISH agus a comhlachtaí ullmhúcháin maidir leis an dá Rialachán sin. Beidh sé riachtanach go mbeifear in ann plé a dhéanamh amach anseo ar idirthréimhse chuí do CBT.

Ar an iomlán, tá Poblacht na Seice tiomanta i gcónaí do chur chuige cuiditheach i leith na caibidlíochta maidir leis an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) agus na tograí reachtacha a bhfuil dlúthbhaint acu leis d'fhonn teacht ar chomhaontú cothrom tráthúil. Sa chomhthéacs sin agus chun cuidiú leis an obair a bhogadh ar aghaidh, tacaíonn Poblacht na Seice leis an gCur Chuige Ginearálta Páirteach mar chuid den phacáiste níos leithne.'

**RÁITEAS ÓN UNGÁIR**

'Tá an Ungáir den tuairim nach léirítear go leordhóthanach sa téacs comhréitigh i ndáil leis an Rialachán maidir leis na pleananna CNR an fíor-riosca praiticiúil go bhféadfadh próiseas formheasa na bpleananna CNR moill shuntasach a chur ar thús chur chun feidhme na gcistí atá beartaithe faoi na caibidlí aonair, ná nach ndéantar foráil sa téacs maidir le sásraí solúbthachta leordhóthanacha ar leibhéal na caibidle.

Dá dheasca sin, ní áirithítear go leordhóthanach leis an téacs go gcomhlíonfar an cuspóir a leagtar amach sna conclúidí ón gComhairle Eorpach, is é nach mór a áirithiú go bhfaighidh tairbhithe cistiú ón Aontas gan bhriseadh ó mhí Eanáir 2028 ar aghaidh.'

**RÁITEAS ÓN IODÁIL**

'Gabhann an Iodáil buíochas le hUachtaránacht na Cipire ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh as an obair chrua a rinne sí agus, i bhfianaise an dul chun cinn suntasach a rinneadh le linn na caibidlíochta, formhuiníonn sí an cur chuige ginearálta páirteach maidir leis an Rialachán.

Go háirithe, is díol sásaimh don Iodáil an infheictheacht mhéadaithe a tugadh don chomhbheartas talmhaíochta agus don aistriú a rinneadh i gcás roinnt príomhfhorálacha a bhaineann le CBT ón Rialachán maidir leis na Pleananna CNR chuig an reachtaíocht earnála ábhartha; na feabhsuithe a rinneadh ar rialachas na bpleananna chun leanúnachas leis na struchtúir atá ann cheana a áirithiú ar bhealach níos fearr; an tsolúbthacht maidir le struchtúr institiúideach na mBallstát; an infheictheacht mhéadaithe a thugtar don chomhbheartas iascaigh, ach a bhfuil gá, mar sin féin, le hiarrachtaí breise a dhéanamh ó thaobh leithdháileadh acmhainní de; an dul chun cinn atá déanta ar an simpliú agus an cur chun feidhme a áirithiú, agus leanúnachas leis an gclársceidealú reatha a choinneáil; agus rátaí cómhaoinithe sonracha a thabhairt isteach do chistí HOME.

Is díol sásaimh don Iodáil freisin an comhréiteach ar thángthas air maidir leis an gcoinníollacht a bhaineann leis an smacht reachta agus le cearta bunúsacha. Tá an creat rialála ábhartha bunaithe anois ar chur chuige níos comhleanúnaí agus níos cothroime, atá bunaithe ar phrionsabail na deimhneachta dlíthiúla agus na comhréireachta agus fréamhaithe ar rannpháirtíocht iomchuí na mBallstát.

Is feabhsuithe suntasacha iad na gnéithe sin i gcomparáid leis an togra bunaidh ón gCoimisiún agus léiríonn siad roinnt tosaíochtaí ar thacaigh an Iodáil leo go leanúnach le linn na caibidlíochta.

Mar sin féin, is mian leis an Iodáil a forchoimeádais a athdhearbhú maidir leis na coimircí neamhleora atá beartaithe don Bheartas Comhtháthaithe, nach gcaomhnaíonn a chineál sonrach agus a chuspóirí go leordhóthanach. Leagann an Iodáil béim ar an ngá atá le coimircí níos láidre agus acmhainní níos mó a áireamh sa Bheartas Comhtháthaithe, mar bheartas bunúsach a chumhdaítear i gConarthaí an Aontais, chun an ghné chríochach agus an intuarthacht fhadtéarmach a áirithiú ann.

Measann an Iodáil go dtabharfar aghaidh ar na hábhair imní sin le linn an phróisis reachtaigh.'

**RÁITEAS ÓN LIOTUÁIN**

‘In ainneoin an dul chun cinn atá déanta go dtí seo maidir leis an togra le haghaidh pleananna CNR, tá an prionsabal ‘níl rud ar bith aontaithe go mbeidh gach uile rud aontaithe’ bailí fós agus ba mhian leis an Liotuáin aird a tharraingt ar roinnt saincheisteanna tábhachtacha atá gan réiteach fós.

Leis an leagan is déanaí den Rialachán maidir leis na pleananna CNR, cuirtear líon suntasach forálacha a bhaineann le CBT idir lúibíní. Mar thoradh air sin, tá ábhar an chomhaontaithe reatha teoranta i gcónaí, agus cuirtear gnéithe tábhachtacha cuir i gcás maoiniú, ranníocaíocht fhoriomlán an Aontais, príomh-iarscríbhinní agus forálacha fíor-riachtanacha eile siar, go bunúsach, go dtí an chaibidlíocht a bheidh ann amach anseo. Thairis sin, ní féidir an cur chuige ginearálta páirteach a léirmhíniú mar chomhaontú i ndáil leis an struchtúr CAI atá beartaithe.

Is cúis imní níos mó é sin freisin maidir le sláine CBT i gcreat na bpleananna CNR. Níor cheart déileáil le CBT mar chomhpháirt amháin d’ionstraim chothrománach phleanála agus mhaoinithe. Ní mór a chuspóirí sonracha, a shamhail seachadta, a chóras rialaithe agus a loighic mhaoiniúcháin chosanta a bheith inaitheanta go soiléir agus á gcosaint go dlíthiúil san struchtúr foriomlán i gcónaí.

Ina theannta sin, tá roinnt ábhar imní a bhaineann le CBT gan réiteach fós, mar shampla an tsamhail seachadta atá bunaithe ar aschur a leathnú chuig idirghabhálacha infheistíochta CBT, leibhéal na rátaí ceartúcháin airgeadais, an tsolúbthacht chun spriocluachanna a choigeartú, próiseáil bia a bhaint de liosta idirghabhálacha imfhálaithe CBT.

I bhfianaise na saincheisteanna sin atá gan réiteach fós, is ábhar imní dúinn i gcónaí nach ndéantar príomhghnéithe ollstruchtúr agus chreat cur chun feidhme CBT a chosaint go leordhóthanach go fóill. Dá bhrí sin, measann an Liotuáin gur cheart aghaidh a thabhairt go leordhóthanach ar na hábhair imní sin sa chaibidlíocht a bheidh ann amach anseo.’

**RÁITEAS Ó MHÁLTA**

‘Aithníonn Málta na hiarrachtaí suntasacha atá déanta ag Uachtaránacht na Cipire agus an dul chun cinn atá déanta maidir leis an bplé ar an Rialachán maidir leis na pleananna CNR a bhogadh ar aghaidh.

Mar sin féin, is ábhar imní do Mhálta i gcónaí nach gcaomhnaítear go sainráite leis an gcreat cur chun feidhme atá beartaithe fíor-rogha cur chun feidhme chostasbhunaithe in éineacht le cur chuige costais feidhmíochtbhunaithe agus simplithe.

Measann Málta go bhféadfadh samhail atá bunaithe go príomha ar chostais mheasta agus ar gharspriocanna dúshláin shuntasacha bhuiséadacha, rialachais agus chuntasachta a chruthú, go háirithe i gcás ina bhfuil an fhreagracht as cur chun feidhme agus riosca airgeadais ag an leibhéal lárnach, rud ba cheart a léiriú go cúramach agus creat fadtéarmach á cheapadh.

Dá bhrí sin, áitíonn Málta gur cheart don chreat a bheidh ann amach anseo fíor-rogha idir samhlacha cur chun feidhme a chaomhnú, lena n-áirítear fíor-rogha shainráite chostasbhunaithe in éineacht le cineálacha cur chuige costais feidhmíochtbhunaithe agus simplithe.

Measann Málta freisin, ós rud é gur ar an mBallstát atá an fhreagracht as cur chun feidhme agus gur air a thiteann an riosca airgeadais, nach mór cur i bhfeidhm na gcoinníollachtaí faoin Rialachán, go háirithe i gcás ina mbraitheann siad ar thuarascálacha, measúnuithe nó ionstraimí comhchosúla a d'fhéadfadh iarmhairtí airgeadais nó cur chun feidhme a bheith mar thoradh orthu, a bheith bunaithe ar chritéir thrédhearcacha, oibiachtúla agus infhíoraithe agus nach mór iad a chur i bhfeidhm ar bhealach lena n-áirithítear deimhneacht dhlíthiúil, comhréireacht, trédhearcacht agus cóir chomhionann.

Cuireann Málta i bhfios go láidir go bhfuil feidhm iomlán i gcónaí ag an bprionsabal 'níl rud ar bith aontaithe go mbeidh gach uile rud aontaithe'. Forchoimeádann Málta an ceart filleadh arís ar an tsaincheist sin i gcomhthéacs na caibidlíochta a dhéanfar amach anseo maidir leis an Rialachán agus i gcomhthéacs an phlé níos leithne ar CAI.'

**RÁITEAS Ó PHOBLACHT NA SLÓVAICE**

'Cé go n-aithníonn an tSlóvaic an dul chun cinn a rinneadh ar an Rialachán maidir le pleananna CNR, tacaíonn sí leis na hiarrachtaí leanúnacha atá á ndéanamh chun rialacha níos simplí, níos réadúla agus níos inoibrithe a bhunú don chlárthréimhse a bheidh ann amach anseo, a mbeidh athrú dearfach ar an iomlán do réigiúin agus do dhaoine mar thoradh orthu.

Tá sé mar chuspóir coiteann againne in éineacht leis na Ballstáit ar fad cur chun feidhme tráthúil na bPleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí a áirithiú. Sa chomhthéacs sin, thosaigh an tSlóvaic ar na hullmhúcháin náisiúnta cheana féin de mheon na comhpháirtíochta, an chomhair agus na rannpháirtíochta cuidithí.

I bhfianaise a thábhachtaí atá an Rialachán maidir le Pleananna CNR, lena dtugtar le chéile roinnt beartas agus ionstraimí atá bunaithe ar na Conarthaí, leanann an tSlóvaic de bheith ag tacú le soiléireacht, comhsheasmhacht agus comhleanúnachas níos fearr le reachtaíocht earnála agus leis an gcreat feidhmíochta. Is é ár bpríomhthosaíocht i gcónaí deimhneacht dhlíthiúil, intuarthacht agus rialacha soiléire cur chun feidhme a áirithiú.

Is athrú bunúsach ar an tsamhail seachadta é an togra agus d'fhéadfadh sé rannchuidiú le nuachóiriú a dhéanamh ar an mBeartas Comhtháthaithe. Chun an cuspóir sin a bhaint amach, tá sé ríthábhachtach go dtabharfadh an claochlú sin fíorshimpliú do thairbhithe freisin. Maidir leis an gcreat feidhmíochta, tacaíonn an tSlóvaic le cur chuige atá dírithe ar thorthaí, ar choinníoll go n-áiritheofar níos mó solúbthachta do na Ballstáit chomh maith le hualach riaracháin laghdaithe. Ag an am céanna, ba cheart don chreat seachadta úsáid na modhanna cur chun feidhme is iomchuí a cheadú, lena n-áirítear an tsamhail fíorchostais i gcásanna a bhfuil údar cuí leo. Thairis sin, molaimid go mbainfí neamhréireachtaí a bhaineann le hoibleagáidí fíoraithe údaráis na bpleananna, neamhréireachtaí a chruthaíonn, in éineacht leis an sainmhíniú leathan ar neamhchomhlíonadh tromchúiseach, éiginnteacht maidir le raon feidhme na rialuithe agus na n-iniúchtaí agus a d'fhéadfadh an bonn a bhaint de shoiléireacht an chreata rialaithe fhoriomláin.

Urramaíonn an tSlóvaic prionsabail an smachta reachta agus na Cairte um Chearta Bunúsacha go hiomlán agus tá sí tiomanta i gcónaí dá gcur i bhfeidhm comhsheasmhach agus oibiachtúil. Chun an deimhneacht dhlíthiúil, an intuarthacht, an oibiachtúlacht agus an chomhréireacht a neartú a thuilleadh, measann an tSlóvaic go bhfuil obair bhreise de dhíth chun foinsí inchreidte, modheolaíochtaí measúnaithe agus nasc díreach idir an sárú agus bainistíocht fhónta airgeadais nó leasanna airgeadais an Aontais a bhunú. Ba cheart a áireamh air sin gné láidir choisctheach mar aon le béim threisithe ar an idirphlé chun easnaimh a réiteach, chomh maith le prionsabal na comhréireachta a chur i bhfeidhm go docht.

Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar an deimhneacht dhlíthiúil agus ar an intuarthacht a áirithiú le linn an aistrithe idir clárthréimhsí an Chomhbheartais Talmhaíochta. Dar leis an tSlóvaic, ba cheart aghaidh a thabhairt ar an méid sin agus ar ghnéithe tábhachtacha eile de CBT, lena n-áirítear an togra le haghaidh céimlaghdaitheachta agus uasteorannú íocaíochtaí. Ba cheart, dá bhrí sin, cur chuige oiriúnach a shainaithint lena léirítear na struchtúir éagsúla feirme san Aontas agus lena gcosnaítear leanúnachas na tacaíochta, go háirithe maidir le híocaíochtaí díreacha, atá ríthábhachtach i gcónaí chun go mbeadh feirmeoirí na hEorpa agus na Slóvaice inmharthanach, iomaíoch agus go mbeadh teacht aniar iontu.

I ndáil leis an méid sin, cuireann an tSlóvaic i dtreis a thábhachtaí atá sé an spás reachtach is gá a choinneáil chun a áirithiú go leanfaidh ollstruchtúr deiridh an chreata fhoriomláin de bheith oibríochtúil, comhsheasmhach go hinmheánach, agus go mbeidh sí in ann a cuspóirí a bhaint amach.'

**RÁITEAS ÓN SPÁINN**

'Ráiteas ón Spáinn

maidir leis an gcur chuige ginearálta páirteach i ndáil leis an Rialachán lena mbunaítear an Ciste Eorpach um chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach, talmhaíocht agus tuaithe, iascach agus muirí, rathúnas agus slándáil don tréimhse 2028-2034 ('Rialachán maidir le plean CNR')

An Chomhairle Gnóthaí Ginearálta, an 16 Meitheamh 2026

Is mór ag an Spáinn an obair a rinne Uachtaránacht na Cipire le roinnt míonna anuas ar an togra le haghaidh Rialachán maidir le Pleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnacha, agus aithníonn sí an dul chun cinn atá déanta maidir le gnéithe éagsúla den chomhad. Ba mhian linn buíochas a ghabháil leis an gCoimisiún freisin as faisnéis a chur ar fáil agus as seimineáir theicniúla a eagrú chun iarracht a dhéanamh gnéithe sonracha den téacs a shoiléiriú.

Athdhearbhaímid go bhfuilimid tiomanta do leanúint de bheith ag obair go gníomhach le hUachtaránachtaí na Cipire agus na hÉireann agus é mar sprioc shoiléir againn aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann leis an togra seo roimh dheireadh na bliana.

Mar sin féin, ní féidir linn tacú leis an téacs atá beartaithe sa Rialachán maidir le Pleananna Náisiúnta agus Réigiúnacha.

Tá an Spáinn tiomanta go daingean gan amhras don tionscadal Eorpach agus do chur chun feidhme cuí a beartas agus a tosaíochtaí. Mar sin féin, measaimid go mbaineann dúshláin struchtúracha, pholaitiúla, theicniúla agus rialachais leis an togra le haghaidh ciste aonair atá bunaithe ar phleananna náisiúnta agus réigiúnacha a chur chun feidhme go héifeachtach.

Ag an bpointe seo, tá ceisteanna gan réiteach fós maidir le cur chun feidhme agus gnéithe praiticiúla an togra.

Le haon athruithe ar rialachas i réimse an chomhtháthaithe agus CBT, mar phrionsabail bhunaidh a chosnaítear leis na Conarthaí, ní mór do na hathruithe an chothromaíocht chríochach lena sainítear an tAontas a urramú. Leis an togra le haghaidh pleananna náisiúnta agus réigiúnacha, baintear an bonn de na prionsabail sin agus ní thugtar tosaíocht ná ráthaíocht do ról na réigiún ná do shaothrú a bhforbairtí cothroime.

A bhuí leis an togra le haghaidh pleananna náisiúnta agus réigiúnacha, is doiléire cineál agus cuspóir sonrach bheartais éagsúla an Chomhphobail, cionn is go dtugann sé tosaíochtaí infheistíochta atá an-ilchineálach le chéile in aon mhúnla clársceidealaithe agus bainistíochta amháin agus cuireann sé faoi na rialacha céanna maidir le dearadh agus cur chun feidhme iad.

Ina theannta sin, léiríonn an tsamhail mar a chuirtear i láthair í amhras tromchúiseach maidir lena hindéantacht phraiticiúil a mhéid a dhéanann sí neamhaird ar réaltacht institiúideach, bhunreachtúil agus riaracháin na mBallstát. Bunaíodh an Eoraip ar raon éagsúil córas bainistíochta agus nósanna imeachta buiséadacha atá, mar sin féin, bunaithe i gcónaí ar chaiteachas fírinneach, infhíoraithe agus rialaithe.

Leis an togra ón gCoimisiún, ní dhéantar simpliú ach forchuirtear ualach breise riaracháin a eascraíonn as córas comhthreomhar na ngarspriocanna agus na spriocanna nár léiríodh a n-éifeachtúlacht. Cruthaíonn sé éiginnteacht dhlíthiúil agus airgeadais, rud a fhágann go mbeidh an clársceidealú níos deacra agus go ngearrfar pionós ar réigiúin ina bhfuil níos lú acmhainní agus, dá bhrí sin, ar chroílár an bheartais chomhtháthaithe.

Níl ról na réigiún ná leibhéal a neamhspleáchais pholaitiúil, riaracháin agus airgeadais i samhail a imíonn ón dáileadh traidisiúnta a úsáideadh i dtréimhsí roimhe soiléir sa togra. Tá an tsaincheist sin níos casta fós i dtíortha ina bhfuil sainordú bunreachtúil ag na réigiúin cumhachtaí bunúsacha a fheidhmiú go neamhspleách maidir le beartais phoiblí a phleanáil, a chur chun feidhme agus a bhainistiú.

Ní féidir linn tacú le togra lena mbaintear cumhachtaí dár réigiún. Is ábhar imní comhroinnte é sin don rialtas láir agus do na Pobail Fhéinrialaitheacha araon, de dheasca fhíorimpleachtaí na samhla sin.

Ar na cúiseanna a thugtar thuas, tá baol ann go mbeidh an tsamhail ina ábhar castachta, éiginnteachta agus go mbeidh dúshláin níos mó ann do na Ballstáit maidir lena cur chun feidhme.

A mhéid a bhaineann leis an gcomhbheartas talmhaíochta (CBT), is cúis imní dúinn na leibhéil chistiúcháin agus an tsamhail rialachais atá beartaithe araon.

Go háirithe, is cúis imní an fhéidearthacht idirghabhálacha nua a áireamh, mar shampla infheistíochtaí a dhéanamh i bpróiseáil agus i dtáirgí agraibhia a mhargú agus infheistíochtaí a dhéanamh san fhoraoiseacht nó san uisciú, atá le maoiniú ó chistí forchoimeádta nó imfhálaithe ó bhuiséad CBT atá i bhfad níos ísle ná mar atá sé faoi láthair.

Tá forchoimeádais thromchúiseacha againn freisin maidir leis na bearta idirthréimhseacha atá beartaithe chun leanúnachas a thabhairt in íocaíochtaí agus le Saoráid AE, ina ndéanfaí feirmeoirí a eisiamh ón gciste agus ón gcúlchiste le haghaidh géarchéimeanna a eascraíonn as tubaistí nádúrtha, ar ábhar mór imní é don earnáil talmhaíochta.

Measaimid gur cheart na hábhair theicniúla ar fad a bhaineann le CBT a áirítear sa Rialachán a phlé i gcomhthráth leis an gcuid eile de reachtaíocht CBT.

Leanfaimid de bheith ag obair go gníomhach agus go cuiditheach i dtreo togra atá uaillmhianach ina chuspóirí ach atá infheidhme sa chleachtas freisin, agus é mar sprioc shoiléir againn teacht ar shamhail lena ráthaítear ról na réigiún agus atá oiriúnach do na Ballstáit ar fad.'

**RÁITEAS ÓN tSUALAINN**

'Is díol sásaimh don tSualainn an nasc láidir atá déanta leis an seimeastar Eorpach agus leis na moltaí tírshonracha sa chuid seo den Rialachán. Is féidir leis an tSualainn glacadh leis an gcur chuige ginearálta páirteach, ach coinnímid ár n-agóidí i ndáil leis an bhfoclaíocht in IARSCRÍBHINN VI pointe (b). Tuigeann an tSualainn ón bhfocal 'áireamh' go bhféadfar cistí a shannadh chun aghaidh a thabhairt ar dhíth ábhartha, trí bhia agus/nó trí chúnamh ábhartha bunúsach a thabhairt do na daoine is díothaí ach gur féidir aghaidh a thabhairt ar an díth ábhartha sin freisin le bearta tionlacain.'

**RÁITEAS COMHPHÁIRTEACH ÓN EASTÓIN, ÓN LAITVIA AGUS ÓN LIOTUÁIN**

'Admhaíonn an Eastóin, an Laitvia agus an Liotuáin an dul chun cinn a rinneadh le linn na caibidlíochta ar an bpacáiste CAI. Táimid lántiomanta i gcónaí tacú leis an obair atá á déanamh ag Uachtaránacht na Cipire agus a dhéanfaidh Uachtaránacht na hÉireann chun teacht ar chomhaontú i mbliana.

Mar sin féin, tá ábhair imní thábhachtacha fós ann maidir lena mhéid a léiríonn an creat atá beartaithe na dúshláin atá os comhair réigiúin teorann thoir an Aontais Eorpaigh, go háirithe iad siúd atá ar theorainn na Rúise agus na Bealarúise.

An 18 Feabhra 2026, ghlac an Coimisiún a Theachtaireacht 'Réigiúin Láidir ar mhaithe le hEoraip Shábháilte', ina n-aithnítear go bhfuil dúshláin shonracha slándála, eacnamaíocha agus dhéimeagrafacha roimh réigiúin NUTS2 atá ar theorainn na Rúise, na Bealarúise agus na hÚcráine a eascraíonn as an gcogadh foghach atá á fhearadh ag an Rúis ar an Úcráin, as bagairtí hibrideacha agus as an timpeallacht gheopholaitiúil atá athraithe ó bhonn agus deir sé gurb iad 'na réigiúin is mó a ndéantar difear dóibh leis an timpeallacht slándála atá ag dul in olcas agus na rioscaí méadaithe a bhaineann le gnáthghníomhaíochtaí míleata na réigiúin sin ar an teorainn sheachtrach leis an Rúis agus leis an mBealarúis'. Nuair thugtar aghaidh ar na dúshláin sin, déantar dochar d'infheistíochtaí fadtéarmacha san iomaíochas, sa nuálaíocht, i bhfolláine na sochaí agus san fhorbairt shocheacnamaíoch inbhuanaithe. Cuirtear i bhfios go láidir sa teachtaireacht, mar is ceart, gur infheistíocht straitéiseach i slándáil agus i gcobhsaíocht na hEorpa é athléimneacht agus rathúnas na réigiún sin a neartú.

Cé gur tugadh isteach tagairtí don Teachtaireacht agus do na dúshláin atá roimh réigiúin teorann an Oirthir i roinnt tograí reachtacha, ní léiríonn na forálacha comhfhreagracha méid, marthanacht ná cineál uathúil na ndúshlán sin go leordhóthanach go fóill.

Tá riachtanais agus cúinsí uathúla ag réigiúin na teorann thoir, agus téann na dúshláin atá os comhair réigiúin na teorann thoir san Eastóin, sa Laitvia agus sa Liotuáin thar an méid ar féidir aghaidh a thabhairt air go réasúnta trí bhuiséid náisiúnta amháin. Bíonn ar na réigiúin sin costais agus tionchar méadaitheach na slándála, na hathléimneachta agus na hullmhachta ar an bpobal a sheasamh, agus a mbeocht eacnamaíoch, a gcomhtháthú sóisialta agus a n-ionchais forbartha fhadtéarmacha a chosaint ag an am céanna. Gan freagairt níos láidre, tá an baol ann go ndéanfaidh na brúnna sin éagothromaíochtaí críochacha a dhoimhniú agus an bonn a bhaint de tharraingteacht agus d'iomaíochas na réigiún atá lonnaithe ar theorainn sheachtrach an Aontais. Sa chomhthéacs sin, tá sé an-tábhachtach na dúshláin sin a mhaolú i gceart.

Dá bhrí sin, leanaimid leis an seasamh atá againn go bhfuil infheictheacht níos fearr ag teastáil ó réigiúin atá ar theorainn na Rúise agus na Bealarúise ar fud an chreata reachtaigh a bheidh ann amach anseo, mar aon le tacaíocht bhreise ar leibhéal an Aontais agus tacaíocht bhuiséadach leordhóthanach faoin gCreat Airgeadais Ilbhliantúil. Más creat é lena n-aithnítear na dúshláin sin ach nach bhfreagraíonn iad go comhchuimseach, tá an riosca ann nach n-éireoidh leis cuspóirí straitéiseacha an Aontais a bhaint amach.

Tá na Stáit Bhaltacha fós ar na Ballstáit sin nach bhfaigheann ach na méideanna imfhálaithe is ísle arna mbeartú in aghaidh an heicteáir. I bhfianaise na ndúshlán agus na n-infheistíochtaí breise is gá chun slándáil agus athléimneacht réigiúin teorann thoir an Aontais a neartú, tá sé tábhachtach i gcónaí leanúint de chóineasú seachtrach na n-íocaíochtaí díreacha chun slándáil bia agus athléimneacht ár réigiún a áirithiú. Ba cheart aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist seo dá réir sin.'

Ar na cúiseanna sin, measann an Eastóin, an Laitvia agus an Liotuáin go bhfuil gá le tuilleadh oibre chun a áirithiú go dtabharfar freagairt níos cothroime agus níos inchreidte leis an gcéad Chreat Airgeadais Ilbhliantúil eile ar na réaltachtaí atá os comhair na réigiún atá ar theorainn na Rúise agus na Bealarúise.

**RÁITEAS COMHPHÁIRTEACH ÓN UNGÁIR, ÓN mBULGÁIR, Ó PHOBLACHT NA SEICE AGUS ÓN RÓMÁIN**

'Aithníonn an Ungáir, an Bhulgáir, Poblacht na Seice agus an Rómáin an obair a rinne Uachtaránacht na Cipire ar an Rialachán maidir leis na pleananna CNR.

Measann an Ungáir, an Bhulgáir, Poblacht na Seice agus an Rómáin, in ainneoin gur thángthas ar an gcur chuige ginearálta páirteach i ndáil leis an Rialachán maidir le pleananna CNR, go bhfuil an prionsabal 'níl rud ar bith aontaithe go mbeidh gach uile rud aontaithe' bailí fós, go háirithe ós rud é go bhfuil idirnaisc shoiléire láidre ag an Rialachán maidir le pleananna CNR le rialacháin CBT tar éis 2027, agus beidh níos mó ama ag teastáil chun an cur chuige ginearálta a ghlacadh agus is déanaí a thiocfar air.

Dá bhrí sin, leagann an Ungáir, an Bhulgáir, Poblacht na Seice agus an Rómáin ar an bhféidearthacht go mbeidh gá le hathruithe a dhéanamh ar na hairteagail den Rialachán maidir le pleananna CNR a bhaineann le CBT chun an cur chuige ginearálta maidir le rialacháin CBT a fhormheas amach anseo agus caomhnaímid an ceart chun é sin a thionscnamh.'

| | |
|---|---|
| | Creat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) 2028-2034 |
| **<u>Maidir le mír 4 (b) ar liosta na míreanna 'B':</u>** | (b) Rialachán lena mbunaítear an Ciste Eorpach um Iomaíochas (CEI), lena n-áirítear clár sonrach le haghaidh taighde agus nuálaíochta i réimse na cosanta<br>*Cur chuige ginearálta páirteach* |

**RÁITEAS ÓN OSTAIR**

'Aithníonn an Ostair go bhfuil sé de shaoirse ag gach stát a mheascán fuinnimh féin a roghnú, rud ar inniúlacht náisiúnta é. Mar sin féin, áitíonn an Ostair nach teicneolaíocht inbhuanaithe, inmharthana ó thaobh an gheilleagair de ná sábháilte é an fuinneamh núicléach do thodhchaí na hEorpa. Dar leis an Ostair, níor cheart acmhainní ó bhuiséad an Aontais a úsáid le haghaidh infheistíochtaí sa chumhacht núicléach, lena n-áirítear gléasraí cumhachta núicléiche nua a thógáil, síntí saolré le haghaidh saoráidí atá ann cheana nó suiteálacha núicléacha a dhíchoimisiúnú.

Tá an Ostair toilteanach leanúint den chaibidlíocht go fóill, agus tacaíonn sí leis an gcur chuige ginearálta páirteach maidir leis an gCiste Eorpach um Iomaíochas, ar an tuiscint nach ndéanfaidh an Ciste tógáil ná díchoimisiúnú gléasraí cumhachta núicléiche a chur chun cinn ná a mhaoiniú.'

**RÁITEAS ÓN tSLÓVAIC**

'Tacaíonn an tSlóvaic go hiomlán le cuspóirí an Chiste Eorpaigh um Iomaíochas chun láidreacht an taighde agus na nuálaíochta Eorpaí a ghiaráil ar mhaithe le hiomaíochas thionscal na hEorpa a neartú. I ndáil leis sin, is príomhionstraim é an Ciste Eorpach um Iomaíochas don chéad chlárthréimhse eile. Aithníonn an tSlóvaic freisin an dul chun cinn a rinneadh le linn na caibidlíochta agus tacaíonn sí leis na hiarrachtaí leanúnacha atá á ndéanamh chun rialacha níos simplí, réalaíocha agus inoibrithe a fhorbairt a bheidh in ann tionchar dearfach a bheith acu san Aontas lena n-áiritheofar go rannchuideoidh an Ciste leis an iomaíochas ar bhealach fíor-Eorpach agus cuimsitheach.

Comhaontaíonn an tSlóvaic nach mór don bharr feabhais a bheith ina chroíphrionsabal den Chiste i gcónaí. Mar sin féin, ba cheart an barr feabhais a chomhlánú le critéir agus coimircí lena n-áirithítear rannpháirtíocht leathan, lena gcuirtear leathadh barr feabhais chun cinn san Aontas agus lena dtacaítear le forbairt slabhraí luacha Eorpacha éagsúlaithe agus athléimneacha. Is ábhar imní don tSlóvaic i gcónaí nach dtugtar aghaidh go leordhóthanach sa téacs atá ann faoi láthair ar rochtain chuimsitheach ar dheiseanna cistiúcháin do ghnólachtaí ó na Ballstáit ar fad, ná nach gcuirtear creat leordhóthanach ar fáil leis chun leas iomlán a bhaint as acmhainneacht nuálaíochta, saineolas agus cumais táirgthe na hEorpa. Gan forálacha níos soiléire i ndáil leis sin, tá baol ann go rachaidh an Ciste chun tairbhe go príomha d'éiceachórais sheanbhunaithe atá ann cheana agus go leathnófar an bhearna iomaíochais idir na Ballstáit éagsúla a thuilleadh. Ba cheart, dá bhrí sin, an chothromaíocht idir an barr feabhais, an t-iomaíochas agus an rannpháirtíocht leathan a neartú a thuilleadh.

Aithníonn an tSlóvaic gur gá an chaibidlíocht maidir leis an togra a bhogadh ar aghaidh d'fhonn é a ghlacadh go tráthúil in éineacht le Parlaimint na hEorpa. Tá an tSlóvaic réidh chun leanúint de bheith rannpháirteach ar bhealach cuiditheach sna chéad chéimeanna eile den phróiseas reachtach agus é mar aidhm aici Ciste Eorpach um Iomaíochas níos cothroime, níos cuimsithí agus níos éifeachtaí a bhaint amach.'

**RÁITEAS COMHPHÁIRTEACH ÓN EASTÓIN, ÓN LAITVIA, ÓN LIOTUÁIN AGUS ÓN bPOLAINN**

'Tacaímid le cuspóirí an Chiste Eorpaigh um Iomaíochas (CEI) agus é mar uaillmhian againn athléimneacht, slándáil agus iomaíochas a neartú ar fud an Aontais ar fad. Ag an am céanna, measaimid gur cheart don Chiste a bheith ullmhaithe go leordhóthanach chun freagairt ar na réaltachtaí slándála agus eacnamaíocha atá ag teacht chun cinn san Aontas.

Léiríodh leis an gcomhthéacs geopholaitiúil, go háirithe mórchogadh foghach na Rúise ar an Úcráin agus ionsaithe hibrideacha leanúnacha ar fud an Aontais, gur comhpháirteanna bunriachtanacha d'ollstruchtúr iomaíochais agus slándála na hEorpa iad líonraí fuinnimh agus cumarsáide. Leis na teagmhais a tharla le déanaí, go háirithe sna Ballstáit ar theorainn thoir an Aontais, nochtadh leochaileachtaí i mbonneagar criticiúil agus i slabhraí soláthair, agus cuireadh i dtábhacht an gá atá le tacaíocht Eorpach níos láidre don ullmhacht, do chumais téarnaimh agus do chúltacaí straitéiseacha. Ar bhonn níos leithne, déanann an timpeallacht slándála atá ag dul in olcas difear freisin don athléimneacht eacnamaíoch agus don iomaíochas trí rioscaí infheistíochta a mhéadú, trí chostais mhaoiniúcháin a ardú agus trí ionchais fáis a lagú sna réigiúin is mó atá neamhchosanta ar bhagairtí slándála agus míleata, mar a léiríodh sa Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le réigiúin thoir an Aontais atá ar theorainn na Rúise, na Bealarúise agus na hÚcráine (COM (2026) 82) agus mar a tugadh faoi deara go cuí sna conclúidí ón gComhairle Eorpach an 19 Márta 2026.

I bhfianaise an mhéid sin, measaimid go bhfuil sé tábhachtach go ndéanfadh creat CEI an méid seo a leanas:

1. ba cheart dó foráil a dhéanamh maidir le haitheantas níos soiléire agus níos oibríochtúla a thabhairt don bhonneagar criticiúil;

2. ba cheart dó léiriú leordhóthanach a thabhairt sa chuid oibríochtúil den Rialachán ar chásanna infheistíochta fo-optamacha arna spreagadh ag rioscaí geopholaitiúla leanúnacha, go háirithe i réigiúin teorann thoir an Aontais a bhfuil préimheanna riosca níos airde ó thaobh struchtúir de agus dálaí infheistíochta níos laige os a gcomhair;

3. ba cheart dó aitheantas iomchuí a thabhairt do réigiúin atá neamhchosanta ar bhrú geopholaitiúil fadtéarmach, lena n-áirítear réigiúin teorann thoir an Aontais, in éineacht le críocha eile atá faoi mhíbhuntáiste struchtúrach.

I bhfianaise an mhéid thuas, is féidir linn tacú le Cur Chuige Ginearálta Páirteach do CEI ag an gcéim seo, ach sinn ag súil gan amhras go léireofar na príomhghnéithe thuasluaite go cuí sa téacs comhréitigh deiridh.'

**RÁITEAS COMHPHÁIRTEACH ÓN mBULGÁIR, Ó PHOBLACHT NA SEICE, ÓN gCRÓIT, ÓN UNGÁIR AGUS ÓN tSLÓIVÉIN**

'Aithníonn an Bhulgáir, Poblacht na Seice, an Chróit, an Ungáir agus an tSlóivéin a thábhachtaí atá sé iomaíochas thionscal, thaighde agus nuálaíocht na hEorpa a neartú agus is díol sásaimh dóibh cuspóirí an togra lena mbunaítear an Ciste Eorpach um Iomaíochas (CEI).

An tráth céanna, measann an Bhulgáir, Poblacht na Seice, an Chróit, an Ungáir agus an tSlóivéin nach bhfuil intuarthacht leordhóthanach go fóill sa dréachtrialachán atá ann faoi láthair maidir leis na sásraí lena n-áiritheofaí go mbainfí amach go héifeachtach an fís maidir le hacmhainneachtaí, bonneagair, saineolas agus éiceachórais nuálaíochta chomhlántacha a shlógadh agus a nascadh sna Ballstát ar fad, rud a chuirfeadh ar chumas an Aontais leas iomlán a bhaint as a acmhainneacht chomhchoiteann.

Mar sin féin, aithníonn an Bhulgáir, an Chróit, Poblacht na Seice, an Ungáir agus an tSlóivéin gur gá an chaibidlíocht maidir le CEI a chur chun cinn d'fhonn é a ghlacadh go tráthúil in éineacht le Parlaimint na hEorpa agus, dá bhrí sin, tacaíonn siad leis an gCur Chuige Ginearálta Páirteach mar chéim thábhachtach sa phróiseas sin. Tugtar an tacaíocht sin ar an tuiscint go leanfar den obair bhreise ar mhódúlachtaí cur chun feidhme an Chiste le linn na gcéimeanna den chaibidlíocht ina dhiaidh sin.'

| | |
|---|---|
| **<u>Maidir le mír 4 (c) ar liosta na míreanna 'B':</u>** | Creat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) 2028-2034<br>(c) Rialachán lena mbunaítear an Eoraip Dhomhanda<br>*Cur chuige ginearálta páirteach* |

**RÁITEAS ÓN mBULGÁIR**

'Is den mhórthábhacht do Phoblacht na Bulgáire cur chun cinn agus cosaint chearta an duine. Tá an tír tiomanta dá gealltanais maidir le cearta an duine, agus beidh feasta.

Ag an am céanna, agus gan dochar dá tacaíocht do théacs comhréitigh an Chur Chuige Ghinearálta Pháirtigh, athdhearbhaíonn an Bhulgáir a seasamh náisiúnta maidir le gnéithe áirithe, a áirítear sa Rialachán atá beartaithe lena mbunaítear 'an Eoraip Dhomhanda':

In 2018, ghlac Cúirt Bhunreachtúil na Bulgáire cinneadh ina léirítear go gcuireann Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun Foréigean in aghaidh na mBan agus Foréigean Teaghlaigh a Chosc agus a Chomhrac ('Coinbhinsiún Iostanbúl') coincheapa dlíthiúla chun cinn a bhaineann leis an gcoincheap 'inscne' atá ar neamhréir le príomhphrionsabail Bhunreacht na Bulgáire. Ní bheidh aon tagairt do Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun Foréigean in aghaidh na mBan agus Foréigean Teaghlaigh a Chosc agus a Chomhrac (Coinbhinsiún Iostanbúl) infheidhme maidir le Poblacht na Bulgáire i gcomhréir le Breithiúnas Uimh. 13/2018 ón gCúirt Bhunreachtúil. Ar na cúiseanna céanna, athdhearbhaíonn an Bhulgáir a seasamh i ndáil le Plean Gníomhaíochta Domhanda an Aontais maidir le Comhionannas Inscne agus Cumhachtú na mBan sa Ghníomhaíocht Sheachtrach (GAP III) agus ní mheasann sí go bhfuil sí faoi cheangal ag a chur i bhfeidhm.

I bhfianaise an mhéid thuasluaite, glacann Poblacht na Bulgáire leis an téarma 'inscne' ('пол') chun tagairt a dhéanamh don dá ghnéas atá sainithe go bitheolaíoch 'fireann/baineann'.'

**RÁITEAS ÓN SPÁINN**

'Maidir le haithris 58 den togra le haghaidh Rialachán lena mbunaítear an Eoraip Dhomhanda, déanann an Spáinn an ráiteas seo a leanas, agus iarrann sí ar Ardrúnaíocht na Comhairle é a áireamh i miontuairiscí chruinniú na Comhairle Gnóthaí Ginearálta an 16 Meitheamh 2026.

Creideann an Spáinn go láidir go gcothaítear lánpháirtiú agus comhtháthú sóisialta le cur chuige maidir le cearta an duine i leith na himirce, lena neartaítear luachanna Eorpacha agus, ar an gcaoi sin, tá sé chun tairbhe na sochaithe ina hiomláine.

Tá an Spáinn tiomanta do smuigleáil imirceach agus na heagraíochtaí coiriúla a bhfuil baint acu le gáinneáil ar dhaoine a chomhrac i gcónaí. Leanfaidh an Spáinn d'idirphlé leis na tíortha tionscnaimh agus idirthurais a mholadh ar an straitéis is fearr agus is éifeachtaí.

Nuair a bhí an Rialachán á chaibidil, chuireamar i gcoinne an téarma 'réitigh nuálacha' a chur san áireamh i gcónaí. Ar an drochuair, tá an téarma fós in aithrisí an téacs, rud a fhágann nach féidir linn glacadh leis.

Is iad seo a leanas na hargóintí ina aghaidh:

Go foirmiúil, níor úsáideadh an teanga sin riamh i gconclúidí na Comhairle Eorpaí ná i reachtaíocht an Chomhphobail. Go háirithe, ní úsáidtear an téarma 'réitigh nuálacha' sa Rialachán maidir le Filleadh, sna Rialacháin maidir le Tríú Tíortha Sábháilte ná sa Rialachán maidir le liosta na dtíortha tionscnaimh sábháilte. Measaimid go gcruthaítear fadhbanna nuair a áirítear, i reachtaíocht chothrománach, cuir i gcás an Rialachán Airgeadais, tagairt do na 'réitigh nuálacha' sin nuair nár úsáideadh an tagairt sin sna réimsí earnála inar cheart í a bheith aitheanta roimh ré.

Is ar an gcúis sin go díreach a chuir Seirbhís Dlí na Comhairle 'neamhchinnteacht dhlíthiúil' ó thaobh na tagartha sin in iúl go mion minic. Chomh maith leis an argóint dhlíthiúil, tá argóintí ann freisin a bhaineann le maoiniú agus deimhneacht dhlíthiúil: agus an fhéidearthacht go maoineofaí an éiginnteacht dhlíthiúil, réitítear an bealach don treallachas.

Sonraítear in aithris 58: 'Ba cheart na gníomhaíochtaí ar fad a bhaineann leis an imirce faoin Ionstraim a chur chun feidhme agus lánurraim á tabhairt don dlí idirnáisiúnta, lena n-áirítear cearta idirnáisiúnta an duine, an dlí daonnúil idirnáisiúnta agus an dlí um dhídeanaithe, agus inniúlachtaí an Aontais agus inniúlachtaí náisiúnta.' Léirítear an fhoclaíocht sin sa chuid oibríochtúil, go sonrach in Airteagal 12(2): 'Ba cheart na gníomhaíochtaí sin a chur chun feidhme agus lánurraim á tabhairt don dlí idirnáisiúnta, lena n-áirítear cearta idirnáisiúnta an duine, an dlí daonnúil idirnáisiúnta agus an dlí um dhídeanaithe, agus inniúlachtaí an Aontais agus inniúlachtaí náisiúnta.' Ar bhonn na forála sin, measaimid nach dtagann 'ionaid fillte' faoi raon feidhme na 'réiteach nuálach' dá dtagraítear san aithris chéanna sin agus, dá bhrí sin, nach féidir na lárionaid sin a mhaoiniú le cistí ón ionstraim um an Eoraip Dhomhanda.

Níor rialaigh Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh go fóill ar an gceist maidir le suíomh féideartha na n-ionad coinneála seachtrach. Mar sin féin, sa tuairim uaithi an 4 Meitheamh 2026, measann an tAbhcóide Ginearálta, Laila Medina, gur inniúlacht stáit neamh-chomhchuibhithe é suíomh na n-ionad agus cuireann sí in iúl go bhfuil forais choinneála agus, thar aon ní eile, ráthaíochtaí comhchuibhithe go hiomlán le dlí an Aontais agus nach mór don Bhallstát atá freagrach a bheith in ann iad a ráthú (C-706/25 agus C-707/25).

Agus cearta iarrthóirí tearmainn lasmuigh de chríoch an Aontais a ráthú, agus go bhfuil an cúnamh dlíthiúil is gá acu agus go bhfuil rochtain éifeachtach acu ar acmhainní, lena n-áirítear rochtain ar cheartas, tá costas díréireach i gceist atá toirmeascach ó thaobh na hinbhuanaitheachta agus an díchill chuí bhuiséadaigh de. Níos measa fós, ní ráthaíonn an brú sin ar an mbuiséad na cearta sin ar deireadh, toisc go bhfuil stáit ag seachfhoinsiú a bhfreagracht chun aistrithe a éascú, rud a fhágann go bhfuil sé níos deacra cearta agus gach ráthaíocht a áirithiú.

Chomh maith le breithnithe dlíthiúla agus buiséadacha, ní féidir linn neamhaird a dhéanamh de ghné an chaidrimh pholaitiúil agus sheachtraigh. Is mór an cur in aghaidh a spreagann na hionaid sin sna sochaithe a óstálann iad, mar a léiríodh le cleachtas le déanaí, ar féidir le rialtais a ghlacann seasaimh mhíchuíosacha leas a bhaint astu go polaitiúil, ag bogadh níos faide ón Aontas Eorpach agus ar an gcaoi sin lagaítear seasamh an Aontais sa domhan agus a chaidrimh riachtanacha le tríú tíortha.

Stáit na chéad iontrála, lena n-áirítear an Spáinn, tá caidreamh taidhleoireachta muiníne fadtéarmach á fhorbairt acu le tríú tíortha ar bhonn an chomhionannais agus an chomhair, a bhfuil torthaí dearfacha ag baint leo. Ní hamháin go gcruthaíonn bunú agus maoiniú na n-ionad sin ag an Aontas Eorpach fadhb thromchúiseach dár n-íomhá, ach d'fhéadfadh sé an struchtúr maidir le forfheidhmiú an dlí nó comhar taidhleoireachta atá á forbairt againn le blianta fada a chur i mbaol.'

**RÁITEAS ÓN bPORTAINGÉIL**

'Tacaíonn an Phortaingéil go hiomlán leis an gclár láidir don Eoraip Dhomhanda, ar príomhionstraim é chun luachanna, prionsabail agus leasanna an Aontais a chur chun cinn ar fud an domhain.

Measaimid, dá bhrí sin, gur cheart acmhainní teoranta an Aontais a dhíriú ar bhearta tacaíochta atá éifeachtach, comhthoiliúil agus a bhfuil an tionchar is mó is féidir acu.

Agus na prionsabail sin á gcur san áireamh, tá roinnt forchoimeádas fós ag an bPortaingéil maidir leis an tagairt do 'réitigh nuálacha' sa togra le haghaidh na hEorpa Domhanda.

Ina theannta sin, ní fhreagraíonn an téarmaíocht sin do theanga bhunaithe na Comhairle Eorpaí, go háirithe maidir leis an imirce, agus níl brí agus impleachtaí beachta na téarmaíochta sin soiléir go leor.

Mar sin féin, de mheon comhréitigh, agus i bhfianaise a thábhachtaí atá an clár don Eoraip Dhomhanda, cothromaíocht ghinearálta an phacáiste agus an dul chun cinn a rinneadh le linn na caibidlíochta, tacóidh an Phortaingéil le glacadh an téacs agus iarrann sí go ndéanfar an seasamh uaithi a thaifeadadh sna miontuairiscí.'